2024/1456

29.5.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1456 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Bealtaine 2024

lena n-ainmnítear saoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh éicidhearthóireachta agus lipéadú fuinnimh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(2), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 ón gCoimisiún ([2]) go bhfuil saoráidí tástála poiblí de chuid na mBallstát le hainmniú mar shaoráidí tástála de chuid an Aontais tar éis glao ar léiriú spéise.

(2) Sheol an Coimisiún an glao ar léiriú spéise GRO/IMA/23/2711/13161 le haghaidh dhá chatagóir: táirgí foirgníochta, agus éicidhearthóireacht agus lipéadú fuinnimh.

(3) Chuir HBLFA Francisco Josephinum iarratas isteach i gcomhthéacs an ghlao ar léiriú spéise GRO/IMA/23/2711/13161 le bheith roghnaithe mar shaoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh éicidhearthóireachta agus lipéadú fuinnimh.

(4) Rinneadh meastóireacht ar an iarratas a fuarthas de bhun na rialacha is infheidhme agus na gcoinníollacha a leagadh amach sa ghlao ar léiriú spéise.

(5) Ar bhonn thorthaí na meastóireachta, ba cheart HBLFA Francisco Josephinum a ainmniú mar shaoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh éicidhearthóireachta agus lipéadú fuinnimh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Saoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh éicidhearthóireachta agus lipéadú fuinnimh

Leis seo, ainmnítear HBLFA Francisco Josephinum, Weinzierl 1, AT 3250 Wieselburg mar shaoráid tástála de chuid an Aontais le haghaidh éicidhearthóireachta agus lipéadú fuinnimh.

Airteagal 2

An t-ainmniú a athbhreithniú

Déanfar an t-ainmniú mar shaoráid tástála de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo a athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 faoin 18 Meitheamh 2029, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin.

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1267 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2022 lena sonraítear na nósanna imeachta chun saoráidí tástála de chuid an Aontais a ainmniú chun críocha faireachais margaidh agus fíoraithe ar chomhlíonadh táirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 192, 21.7.2022, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1267/oj).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN